V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10933 – ORLEN / SGE / OSGE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 78/09)

1. An 22 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Polski Koncern Naftowy Orlen S.A. ("ORLEN", an Pholainn), eintiteas atá liostaithe go poiblí ([2]),

— Synthos Green Energy S.A. ("SGE", an Pholainn), atá faoi rialú deiridh MS Galleon GmbH,

— Orlen Synthos Green Energy sp. z o.o. ("OSGE", an Pholainn), faoi rialú comhpháirteach ORLEN agus SGE.

ORLEN agus SGE, rialaíonn siad OSGE go comhpháirteach. Nuair a thiocfaidh claochlú ar shamhail ghnó reatha OSGE trí leathnú agus luasghéarú a ghníomhaíochtaí, athróidh OSGE ó staid neamh-lánfheidhme go staid lánfheidhme. Is comhchruinniú de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc a bheidh in aistriú OSGE ó staid neamh-lánfheidhme go staid lánfheidhme.

Baintear an comhchruinniú amach trí rún arna ghlacadh ag cruinniú scairshealbhóirí OSGE ina leagtar amach claochlú phlean gnó OSGE agus leathnú agus luasghéarú ghníomhaíochtaí OSGE.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is scagaire ola agus miondíoltóir peitril é ORLEN.

— Forbraíonn SGE réitigh fuinnimh astaíochtaí nialasacha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó OSGE:

— stáisiúin chumhachta núicléiche (ar mhionscála) atá bunaithe ar theicneolaíocht imoibreoirí beaga agus micreamhodúlacha ("SMR" agus "MMR") a fhorbairt agus a chur chun úsáide, taiscéalaíocht a dhéanamh ar shuíomhanna imoibreora a d'fhéadfadh a bheith ann, agus, a luaithe a bheidh na stáisiúin chumhachta núicléacha i bhfeidhm, tráchtálú leictreachais arna ghiniúint ag SMR/MMR sa Pholainn. Is í príomhghníomhaíocht ghnó OSGE leictreachas a ghiniúint agus a sholáthar sa Pholainn.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is le Státchiste Phoblacht na Polainne 35.66 % de scaireanna ORLEN. Is iad Nationale-Nederlanden OFE (7,31 %) agus Aviva OFE Aviva Santander (5,43 %) na scairshealbhóirí móra eile.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10933 – ORLEN / SGE / OSGE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.